

# ELeathanach311

## Seamróg Nua Aer Lingus

Is é Aer Lingus an aerlíne Éireannach agus tá branda nua aige. Tá cáil idirnáisiúnta ar an tseamróg ó thús Aer Lingus sa bhliain 1936. Is maith linn go léir gur choinnigh siad an tseamróg nuair a dhear siad an branda nua seo.

Tá cuma nua-aimseartha ar an tseamróg sin anois. Léiríonn sí go bhfuil an tseirbhís tapa agus léiríonn sí cineáltas freisin toisc go bhfuil cruth croí ar na duilleoga.

Ba é Brendán Murphy an príomhdhearthóir ar an tionscnamh seo. Is as Cill Mochuda i mBaile Átha Cliath é. Oibríonn Brendán i Nua Eabhrac don chomhlacht deartha Lipincott.

Tá Brendán ag súil leis go nglacfaimid ar fad féinín lena sheamróg nua an chéad uair eile a bheimid ar eitleán Aer Lingus.

Scoil: Coláiste Benildus, Cill Mochuda, Bliain 1.5.



Seo é Brendán Murphy!

## 2 Theanga sa Bhaile

Tá obair acadúil déanta faoi theangacha sa bhaile. Má tá dhá theanga ag páistí sa bhaile, tá na páistí in ann aird níos fearr a dhíriú ar an saol timpeall orthu. Tá an obair seo in alt san iris *Developmental Science*.

Is rud maith é dátheangachas mar sin. An rud atá spéisiúil faoin obair seo ná go bhfuil na hoibrithe acadúla ag díriú ar leanaí óga - 6 mhí d'aois.

Níl na leanaí seo in ann na teangacha a labhairt fós ach tá siad ag éisteacht le dhá theanga sa bhaile. Is obair nua í seo agus tá sí á déanamh in Ollscoil York.



Is páiste dátheangach é seo. Tá Béarla agus Gaeilge ag an bpáiste seo.

## Ireland's Got Talent

Thosaigh an clár *Ireland's Got Talent* Dé Sathairn. Is iad Denise Van Outen, Louis Walsh, Michelle Visage agus Jason Byrne na moltóirí. Is í Lucy Kennedy an láithreoir.

Bhrúigh Denise Van Outen an cnaipe óir don ghrúpa *Sea of Change*. Chan siad an t-amhrán *This is Me* ón gceolchoirm *The Greatest Showman*.

Bhí aintín John Connors ar an gclár freisin. Sharyn Ward is ainm di. Is ball den Lucht Siúil í agus chan sí amhrán álainn *When You Were Sweet Sixteen* le Finbarr Furey. Bhí sí thar cionn. Go n-éirí leat, a Sharyn!

